2026/1913

3.8.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/1913 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Iúil 2026

maidir le beart driogtha géarchéime sealadach eisceachtúil chun aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh an mhargaidh in earnáil an fhíona sa Ghearmáin sa bhliain mhargaíochta 2026/2027

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 219(1) i gcomhar le hAirteagal 228 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá deacrachtaí roimh mhargadh fíona an Aontais mar gheall ar laghdú tapa ar thomhaltas san Aontas agus i bpríomh-mhargaí tríú tír, mar gheall ar éiginnteachtaí atá ag dul i méid arb í an staid gheopholaitiúil agus eacnamaíoch is cúis leo agus mar gheall ar an athrú aeráide a dhéanann difear don táirgeadh. Is iad na fíonta dearga agus *rosé* i roinnt réigiún táirgthe is mó a ndéantar difear dóibh.

(2) Sna limistéir fíonsaothrúcháin Württemberg agus Rheinhessen sa Ghearmáin, léiríonn an fhianaise atá ar fáil go bhfuil laghdú mór tagtha ar dhíolacháin agus ar phraghsanna margaidh fíonta ar ardchaighdeán a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint acu, in éineacht le méadú ollmhór ar chostais táirgthe (ionchur, fuinneamh, pá íosta), rud a léiríonn géarchéim mhargaidh a chuireann ualach ar oibreoirí.

(3) Tháinig laghdú níos mó ná 25 % in Württemberg in 2026 agus 25 % in Rheinhessen in 2025 ar mhéid na bhfíonta dearga a cuireadh isteach le haghaidh deimhniú fíona ar ardchaighdeán sa dá limistéar sin, ar táscaire dílis é ar mhéid an fhíona ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint a cuireadh ar an margadh, i gcomparáid leis an meántréimhse 5 bliana roimhe sin, rud a lean treocht laghdaitheach na bliana roimhe sin. Tugtar treochtaí comhchosúla faoi deara i gcás an fhíona *rosé*, ar tháinig laghdú 19 % ar dhíolacháin mhargaidh charnacha na bhfíonta ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint in 2026 in Württemberg, agus tháinig laghdú 25 % ar na díolacháin i réigiún fíonsaothrúcháin Rheinhessen in 2025, sna sonraí is nuashonraithe atá ar fáil, i gcomparáid le meán na 5 bliana roimhe sin. Ar an iomlán, bhí an laghdú ar dheimhniúchán i bhfad níos mó ná an laghdú ar tháirgeadh fíona i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, rud ar féidir coinne a bheith leis gur mhéadaigh sé na stoic a thuilleadh.

(4) Is é an tionchar a bhí ag an staid sin laghdú ar phraghsanna margaidh sa dá réigiún. In Rheinhessen, bhí praghsanna na bhfíonta dearga agus rosé in 2026 27 % agus 29 % faoi seach faoi bhun mheán na 5 bliana roimhe sin, 2021-2025. Rinneadh difear ar leith d'fhíon dearg den chineál fíonchaoire *Dornfelder*, atá le fáil den chuid is mó i limistéar fíonsaothrúcháin Rheinhessen, ar tháinig laghdú 37,5 % air. In Württemberg, leanann na meánphraghsanna le haghaidh fíonta dearga agus *rosé* na treochtaí céanna le Rheinhessen. In 2026 (Eanáir-Bealtaine), is iad na meánphraghsanna bairille a thaifeadtar 70 cent/L agus 60 cent/L le haghaidh fíonta dearga agus *rosé* ATFC faoi seach.

(5) I bhfianaise staid reatha an mhargaidh, meastar gur thart ar 0,24 milliún heictilítear atá i méid iomarcach stoic na bhfíonta dearga agus *rosé* sna réigiúin sin. Trí dheireadh a chur leis an méid fíona sin in Württemberg agus Rheinhessen, beidh an Ghearmáin in ann aghaidh a thabhairt ar an míchothromaíocht ar an margadh sna deighleoga margaidh fíonta dearga agus *rosé* is mó a ndéantar difear dóibh le haghaidh na bliana margaíochta 2026/2027 agus cosc a chur ar an suaitheadh atá ann faoi láthair iompú ina ghéarchéim níos déine nó níos faide agus leathadh chuig margaí fíona na mBallstát eile.

(6) Chun aon mhí-úsáid nó róchúiteamh a sheachaint tar éis chur chun feidhme an bhirt eisceachtúil sin, díreoidh an driogadh go heisiach ar na fíonta dearga agus *rosé* a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint acu, arb iad sin na fíonta is cúis le míchothromaíocht ar an margadh den chuid is mó sa dá réigiún fíonsaothrúcháin, agus socrófar méid an chúitimh don fhíon a aistarraingítear ón margadh i bhfad faoi bhun na bpraghsanna margaidh ábhartha a bhí ann

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

le déanaí. Measann an Ghearmáin go bhféadfaí 0,24 milliún heictilítear de na fíonta sin a bhaint le leibhéal cúitimh EUR 59 in aghaidh an heictilítir le haghaidh gach fíona driogtha (dearg agus *rosé*). Ós rud é go meastar gurb é EUR 16 in aghaidh an heictilítir an costas le haghaidh oibríochtaí iompair agus driogtha agus go n-áirítear é sa EUR 59 in aghaidh an heictilítir, bheadh an íocaíocht as aistarraingt fíona thart ar 65 % de mheánphraghas margaidh an fhíona dheirg agus *rosé* fhoriomláin ATFC a taifeadadh sa dá réigiún in 2026.

(7) Tá sé dearbhaithe ag an nGearmáin nach raibh sí in ann méid na bhfíonta dearga agus *rosé* sa bhreis a bhaint den mhargadh le híocaíochtaí náisiúnta dá bhforáiltear faoi Airteagal 216 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Aon bheart eile atá ar fáil faoin Rialachán sin, is cosúil nach leor é nó nach bhfuil sé oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an míchothromaíocht ar an margadh atá ann faoi láthair maidir le margadh na Gearmáine. Dá bhrí sin, tá sé ábhartha úsáid a bhaint as an gcúlchiste talmhaíochta chun driogadh spriocdhírithe géarchéime a chur chun feidhme sa Ghearmáin, ar driogadh é atá teoranta do réigiúin fíonsaothrúcháin Württemberg agus Rheinhessen. Tá sé beartaithe ag an nGearmáin freisin foráil a dhéanamh maidir le hidirghabháil stoithe ó fhréamh faoina Plean Straitéiseach CBT, rud a cuireadh san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar riachtanas agus comhréireacht an driogtha géarchéime spriocdhírithe dá bhforáiltear leis an Rialachán seo.

(8) Chun saobhadh iomaíochta a sheachaint, níor cheart úsáid an alcóil a fhaightear a cheadú do thionscal an bhia agus na dí agus ba cheart é a theorannú chun críoch tionsclaíoch, lena n-áirítear dífhabhtú agus cógaisíocht, agus chun críoch fuinnimh.

(9) Ba cheart don Ghearmáin faisnéis mhionsonraithe faoi chur chun feidhme an Rialacháin seo a chur in iúl don Choimisiún chun go mbeidh an tAontas in ann faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht an bhirt a thugtar isteach leis seo.

(10) Mar gheall ar staid reatha an mhargaidh sa Ghearmáin, tá gá le hidirghabháil mhear a mbeidh éifeacht láithreach aici ar an margadh chun nach leathfaidh an suaitheadh go dtí an bhliain mhargaíochta atá le teacht. Ina theannta sin, ba cheart faireachán tráthúil ar an mbuiséad a áirithiú chomh maith le bearta leantacha cothrom le dáta agus úsáid éifeachtúil an chúlchiste talmhaíochta, agus ar an gcaoi sin infhaighteacht an chúlchiste a uasmhéadú agus feabhas a chur ar an acmhainneacht freagairt go pras do ghéarchéimeanna a thagann chun cinn. Dá bhrí sin, níor cheart don Aontas an caiteachas arna thabhú ag an nGearmáin chun an beart dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur chun feidhme a mhaoiniú ach amháin i gcás ina ndéanfar an caiteachas sin faoi dháta incháilitheachta áirithe. Ba cheart, dá bhrí sin, tacaíocht don bheart eisceachtúil sin a íoc faoin 31 Bealtaine 2027. Aon íocaíocht a dhéanfar tar éis an dáta incháilitheachta, ba cheart a mheas go mbeadh sí neamh-incháilithe do mhaoiniú ón Aontas.

(11) Ó tharla nach measfar aon íocaíocht a dhéanfar tar éis an 31 Bealtaine 2027 a bheith incháilithe in imthosca ar bith, ní bheidh feidhm ag Airteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún ([2]), lena ndéantar foráil maidir le laghdú comhréireach ar na híocaíochtaí míosúla a dhéantar tar éis an sprioc-ama.

(12) Chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ní mór d'údaráis inniúla náisiúnta an Bhallstáit a chuireann an beart eisceachtúil maidir le driogadh géarchéime i bhfeidhm seiceálacha a dhéanamh chun comhlíonadh na gcoinníollacha agus na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo a fhíorú.

(13) Ar mhórchúiseanna práinne, i bhfianaise an tsuaite leanúnaigh ar an margadh chomh maith leis an tréimhse ghearr ama atá ar fáil don Ghearmáin chun tús a chur le cur chun feidhme an bhirt a áirítear sa Rialachán seo roimh an mbuaint atá le teacht in 2026, is gá gníomhú láithreach agus barrachas an tsoláthair a bhaint den mhargadh a luaithe is féidir chun tuilleadh meatha ar an míchothromaíocht ar an margadh a chosc. Dá gcuirfí moill ar ghníomhaíocht, bheadh an baol ann go laghdófaí a éifeachtúlacht chun margadh fíona na Gearmáine a chobhsú.

(14) I bhfianaise na mórchúiseanna práinne sin, ba cheart an Rialachán seo a ghlacadh de bhun an nós imeachta práinne a leagtar síos in Airteagal 228 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

(15) I bhfianaise an ghá atá ann gníomhú láithreach, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 20, 31.1.2022, lch. 95, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/127/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maoiniú ón Aontas agus íocaíochtaí náisiúnta

1. Beidh tacaíocht airgeadais EUR 14 160 000 ón Aontas ar fáil don Ghearmáin chun tacú leis an mbeart sealadach eisceachtúil maidir le driogadh géarchéime dá bhforáiltear in Airteagal 2 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo.

2. Leithdháilfear an tacaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha agus áiritheofar nach mbeidh na híocaíochtaí a thiocfaidh as sin ina gcúis le haon saobhadh ar an margadh ná ar an iomaíocht.

3. Caiteachas a sheasfaidh an Ghearmáin dá dtagraítear i mír 1 i ndáil leis na híocaíochtaí i leith an bhirt dá dtagraítear in Airteagal 2, ní bheidh sé incháilithe do chúnamh airgeadais ón Aontas ach amháin má dhéantar na híocaíochtaí sin faoin 31 Bealtaine 2027.

Airteagal 2

Driogadh sealadach géarchéime fíona

1. Féadfar tacaíocht a dheonú i gcomhair driogadh fíonta dearga agus *rosé* atá faoi chosaint ag ainmniúchán tionscnaimh agus a tháirgtear i réigiúin fíonsaothrúcháin Württemberg agus Rheinhessen i gcríoch na Gearmáine.

2. An t-alcól a thagann ón driogadh a fhaigheann tacaíocht dá dtagraítear i mír 1, úsáidfear an t-alcól sin chun críoch tionsclaíoch amháin, lena n-áirítear dífhabhtú agus cógaisíocht, nó chun críoch fuinnimh chun saobhadh iomaíochta a sheachaint.

3. Fiontair fíona a tháirgeann nó a mhargaíonn na táirgí fíniúna dá dtagraítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, eagraíochtaí táirgeoirí fíona, comharchumainn fíona, comhlachais ina bhfuil dhá tháirgeoir táirgí fíniúna nó níos mó nó dhá dhriogaire táirgí fíniúna nó níos mó, is iad sin a bheidh i dtairbhithe na tacaíochta dá dtagraítear i mír 1.

4. Ní bheidh ach na costais a bhaineann le fíon a sholáthar do dhriogairí agus na costais a bhaineann le driogadh an fhíona sin incháilithe le haghaidh tacaíochta. Ní bheidh cáin bhreisluacha incháilithe le haghaidh tacaíochta. Beidh an fíon atá le driogadh faoin mbeart seo i gcomhréir leis na ceanglais atá le margú laistigh den Aontas.

5. Féadfaidh an Ghearmáin critéir thosaíochta a bhunú do thairbhithe an bhirt seo. Beidh na critéir thosaíochta sin oibiachtúil agus ní bheidh siad idirdhealaitheach.

6. Féadfaidh an Ghearmáin foráil a dhéanamh maidir le suas le 80 % den tacaíocht d'oibríocht áirithe driogtha géarchéime, a chumhdaítear le hiarratas ar thacaíocht a bhfuil glacadh leis faoin Airteagal seo agus atá le cur ar aghaidh i bhfoirm airleacain chuig tairbhithe, ar choinníoll gur thaisc an tairbhí ráthaíocht bainc nó urrús coibhéiseach i bhfabhar na Gearmáine, ar ráthaíocht í arb ionann ar a laghad an méid a ghabhann léi agus méid an airleacain sin. Chun go mbeidh oibríocht den sórt sin incháilithe, déanfar íocaíocht deiridh na tacaíochta roimh an dáta dá dtagraítear in Airteagal 1(3).

7. Leagfaidh an Ghearmáin síos rialacha maidir leis an nós imeachta um iarratas don tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus maidir leis an mbeart a rialú, lena n-áireofar rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) na daoine nádúrtha nó dlítheanacha a fhéadfaidh iarratais a chur isteach;

(b) iarratais a chur isteach agus a roghnú, lena n-áireofar ar a laghad na sprioc-amanna le haghaidh iarratais a chur isteach, le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar oiriúnacht gach oibríochta atá beartaithe agus le haghaidh fógra a thabhairt do na hoibreoirí faoi thorthaí an nós imeachta roghnúcháin;

(c) comhlíonadh na bhforálacha maidir le táirgí incháilithe agus na costais dá dtagraítear i mír 4 agus critéir thosaíochta i gcás ina gcuirtear critéir thosaíochta i bhfeidhm, é sin a fhíorú;

(d) roghnú na n-iarratas, ina n-áireofar ar a laghad an t-ualú a shanntar do gach critéar tosaíochta i gcás ina gcuirtear critéir tosaíochta i bhfeidhm;

(e) comhshocraíochtaí chun réamhíocaíochtaí a íoc agus urrúis a sholáthar;

(f) faireachán agus rialú a dhéanamh ar oibríochtaí an driogtha, ar incháilitheacht na bhfíonta driogtha agus ar úsáid an alcóil táirgthe.

8. Socróidh an Ghearmáin méid na tacaíochta do thairbhithe bunaithe ar chritéir oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha. Ní rachaidh méid na tacaíochta thar EUR 59 in aghaidh an heictilítir.

Airteagal 3

Fógraí agus rialuithe

1. Faoin 31 Iúil 2027, cuirfidh an Ghearmáin fógra chuig an gCoimisiún maidir leis an méid seo a leanas:

(a) cainníochtaí an fhíona a tharraingítear siar ón margadh do gach réigiún agus do gach cineál fíona incháilithe, iad mionsonraithe de réir datha;

(b) na toirteanna alcóil a tháirgtear ón bhfíon a sheachadtar agus a dhriogtar i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(c) an tacaíocht airgeadais ón Aontas a deonaíodh i gcomhréir le hAirteagal 1(1).

2. An fógra don Choimisiún dá dtagraítear san Airteagal seo, tabharfar é i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1183 ón gCoimisiún ([3]).

3. I ndáil leis an driogadh géarchéime eisceachtúil dá bhforáiltear sa Rialachán seo, déanfaidh údaráis inniúla na Gearmáine seiceálacha riaracháin agus seiceálacha ar an láthair i gcomhréir le hAirteagail 59 agus 60 de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), chun incháilitheacht fíonta a fhíorú agus chun a fhíorú go n-urramaítear na coinníollacha agus na ceanglais uile is infheidhme maidir le cur chun feidhme na n-oibríochtaí driogtha géarchéime.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1183 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena bhforlíontar Rialacháin (AE) Uimh. 1307/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fógraí a thabhairt don Choimisiún faoi fhaisnéis agus doiciméid (IO L 171, 4.7.2017, lch. 100, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/1183/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj).